

# An Fómhar

An Fómhar atá ann. Tá an feirmeoir agus a chlann ag piocadh prátaí. Tá an chuid is mó de na barraí **bainte** aige anois. Tá na húlla go léir aibí san **úllord**. **Baileoidh** na páistí iad.

Tá na **fáinleoga** go léir le feiceáil ar na **sreanga teileagraif**. I gceann tamaill **imeoidh** siad go dtí na tíortha teo. **Fanfaidh** siad ansin go dtí deireadh an Earraigh. Imeoidh an chuach go dtí na tíortha teo freisin.

Tá sméara dubha go flúirseach ar na sceacha. Tiocfaidh na páistí ar ball agus baileoidh siad na sméara dubha. Déanfaidh Mamaí subh díobh ansin.

Is iontach na dathanna atá ar na duilleoga. Tá cuid acu buí, cuid acu dearg agus cuid acu donn. Tá siad ag titim de na crainn agus tá brat duilleog ar an talamh.

**Foghlaim** : Is iad míonna an fhómhair ná:
Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

**Foclóir:**

**barraí,** crops — **fáinleoga,** swallows
**úllord,** orchard — **brat,** covering

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad atá á dhéanamh ag an bhfeirmeoir agus a chlann?
   — Tá siad ag snámh.
   — Tá siad ag piocadh prátaí.
   — Tá siad ag súgradh.
2. Cá n-imeoidh na fáinleoga?
   — cois farraige.
   — isteach sa choill.
   — go dtí na tíortha teo.
3. Céard a dhéanfaidh Mamaí leis na sméara dubha?
   — arán.
   — cáca milis.
   — subh.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Tá an chuid is mó de na barraí — — — .
2. — siad ansin go dtí an tEarrach.
3. Tá sméara — go flúirseach ar na — .
4. Is iontach na — atá ar na — .
5. Tá — duilleog ar an talamh.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**

baileoidh, déanfaidh, brat, iontach, bainte, imeoidh, aibí, go flúirseach, úllord, íosfaidh.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén séasúr atá ann?
2. Cad iad na barraí atá bainte ag an bhfeirmeoir?
3. Cá bhfuil na fáinleoga le feiceáil?
4. Cén fáth a n-imíonn na fáinleoga go dtí na tíortha teo?
5. Cad atá go flúirseach ar na sceacha?
6. Céard iad na dathanna atá ar na duilleoga?

**Gramadach 11**

1. Fanfaidh siad ansin go dtí deireadh **an Earraigh**.
   (an Samhradh, an Fómhar, an bhliain, an Geimhreadh.)
2. Tá an feirmeoir **ag piocadh prátaí.**
   (bris/cnónna, ith/sméara, ól/uisce.)